An Bradán Feasa

An Bradán Feasa

Nuair a bhí Fionn Mac Cumhaill óg cuireadh chuig beirt bhan feasa ar Shliabh Bladhma é. Theagasc siad modhanna cogaidh dó agus bhí sé breá sásta leo.

Thug siad deireadh a gcuid eolais dó. Ní raibh rud ar bith eile le foghlaim aige, agus mar sin de, bhí a fhios aige go raibh sé in am aige imeacht. Bhí brón air óir bhí grá aige don bheirt agus bhí sin acu beirt fosta. Bhí sé le dul chuig an Bhóinn chuig file a raibh Fionn Eagais air. Bhí sé chun eolas a bhailiú ón fhear seo sa dóigh go mbeadh sé ina thaoiseach ar na Fianna. D'fhág sé slán ag na mná agus d'imigh sé leis ó thuaidh. Bhí sé seachtain ar an bhóthar nuair a bhain sé teach Fhinn Éagais amach. Mhínigh sé don fhear gur cuireadh ann é le scéalaíocht agus filíocht a fhoghlaim.

Bhí an file breá sásta leis seo mar cheap sé gur onóir mhór a bhí ann dó féin.

Nuair a bhí Fionn cúpla seachtain aige thug sé faoi deara go raibh an file ag iascaireacht go minic. Chuir sé ceist air cúpla uair an mbeadh cead aige dul leis. Dhiúltaigh an file dó agus shíl Fionn go raibh rún aige. Agus is aige a bhí an rún!

Chaith Fionn Éagais seacht mbliana ag iascaireacht óir bhí bradán san abhainn a raibh fios aige. De réir sheanchas na háite cibé duine a d'íosfadh an chéad ghiota den iasc bheadh fios an domhain aige. Bhí an seanfhear ag iascaireacht ó tháinig sé chun na háite. D'úsáid sé a scileanna ar fad ach níor éirigh leis.

Maidin amháin bhí Fionn ina luí ar bhruach na habhann ag foghlaim filíochta nuair a chuala sé an file ag scairteach in ard a chinn. Bhí bradán ceaptha aige.

Rith Fionn chuige gur chuidigh sé leis an t-iasc a thabhairt i dtír. Iasc trom a bhí ann. Bhí dath an airgid air agus é ag soilsiú faoi sholas na gréine. Bhí an file ar mire le háthas. Thug siad beirt an bradán a fhad leis an dún. Bhí

Fionn Éagais aosta go maith agus le meáchan an bhradáin agus teas an lae tháinig tuirse air. Dúirt sé le Fionn an bradán a róstadh ach gan é a ithe. Rinne Fionn amhlaidh. Chuir sé tine síos agus chuir sé an bradán i bpota ar an tine. Leis an teas a tháinig ón tine d'éirigh spuaic ar chraiceann an bhradáin. Bhí sé chomh mór sin gur chuir Fionn a ordóg uirthi chun í a bhriseadh. Lig sé scread as mar dhóigh sé a ordóg agus chuir sé an ordóg dhóite ina bhéal chun an phian a leigheas.

Rinne sé an bradán a róstadh agus thug chuig an tseanfhile é. D'aithin an file go raibh súile Fhionn lán eolais.

"Ar ith tú píosa den bhradáin?" arsa Fionn Éagais "Níor ith," arsa Fionn ach mhínigh sé gur éirigh spuaic ar chraiceann an bhradáin agus gur leag sé a ordóg air chun é a bhriseadh. Lig an file osna.

"Ith tusa an bradán. Is leatsa an t-eolas anois. Tá fios anois agat nach bhfuil ag duine ar bith eile. Ní féidir liom rud ar bith eile a theagasc duit."

Ón lá sin amach ní raibh le déanamh ag Fionn ach a ordóg a chur ina bhéal agus bhí deireadh an eolais aige.

D'fhás Fionn aníos agus bhí sé ina thaoiseach ar na Fianna. Bhí clú agus cáil orthu nuair a bhí Fionn ina mbun. Fear láidir cróga a bhí ann.

Bhí rialacha ag Fionn agus bhí ar na Fianna na rialacha a chomhlíonadh.

Bhí orthu na bochta a chosaint.

Ní raibh cead acu bréag a inse.

Bhí orthu Éire a chosaint.

Bhí manadh ag na Fianna:
"Glaineacht inár gcroí, láidreacht inár ngéaga agus an fhírinne inár mbéal."

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning